



## Treoiríníte don Chlár um Fheabhsú Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2018



**Léigh go cúramach na treoiríníte seo a leanas le do thoil sula gcomhlánaíonn tú an Fhoirm Iarratais don Chlár um Fheabhsú Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2018**

### Réamhrá

I mBealtaine 2018 d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail Michael Ring TD scéim deontais chaipitil €4.5m. Tá an scéim dírithe ar dheontais chaipitil a chur ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla, eagraíochtaí seachbhrabúsacha agus ranna nó gníomhaireachtaí Stáit. Tá €212,306 leithdháilte faoin scéim ag an Aire do Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá an Clár i gCathair Bhaile Átha Cliath á riaradh ag Coiste Áitiúil Forbartha an Phobail agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

### Aidhm an Chláir um Fheabhsú Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2018

Tá Coiste Áitiúil Forbartha Pobail ag iarraidh iarratas anois faoin gClár um Fheabhsú Pobail 2018 le haghaidh maoinithe ó ghrúpaí nó eagraíochtaí chun tionscadail nó oibreacha **caipitil** a chomhlíonadh. Ní mór a léiriú sna hiarratais le haghaidh maoinithe an chaoi a gcuirfidh an maoiniú le Sprioc 5 den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021:

**Raon saoraidí, gníomhaíochtaí agus áiseanna inacmhainne, sábháilte agus poiblí atá ábhartha agus inrochtana do dhaoine de gach aois agus cineálacha cumais agus a chuireann le sláinte agus leas an uile dhuine a chur ar fáil agus a chosaint.**

Tá sé mar aidhm ag an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo tuiscint a thabhairt d'iarratasóirí féideartha ar an bpróiseas maidir le hiarratais ar mhaoiniú a mheasúnú agus a fhorghnó agus ní thuigtear gur léirmhíniú dlíthiúil é.

## Cáilitheacht

- Ní mór go mbainfeadh iarratais le tionscadail **caipitil** nó obair ar siúl laistigh de cheantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Féachfar ar iarratais ó eagraíochtaí seachbhrabúsacha, grúpaí deonacha agus pobail.
- Féachfar ar Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit freisin (i gcás maoiniú gearáilte).
- Níl eagraíochtaí tráchtála, daoine aonair ná eagraíochtaí seachbhrabúsacha cáilithe le haghaidh maoinithe faoin gClár seo.
- Ní fhéachfar ach ar iarratais comhlánaithe ar Fhoirm Iarratais oifigiúil don Chlár um Fheabhsú Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath agus iad curtha isteach in am (30 Iúil 2018).

## Maoiniú Ar Fáil

Is é €212,306 méid iomlán an mhaoinithe atá ar fáil faoin gClár um Fheabhsú Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2018.

- Déanfar deontais a thairiscint tríd an gClár **ar an scála seo a leanas**:

Tá deontas caipitil suas go €1,000  
Deontas caipitil €1,000 - €5,000  
Deontas caipitil €5,000 - €10,000  
Deontas caipitil €10,000 - €15,000

- Tá €65,000 den chiste iomlán imfhálaithe do dheontais suas go €1,000.
- Ní mór d'iarratais méid an mhaoinithe a theastaíonn a shonrú agus fianaise ar an gcostas a chur san áireamh. Glacfar le luachan scríofa nó asphrionta ó shuíomh gréasáin soláthraí mar fhianaise.
- Íocfar íocaíochtaí d'iarthóirí rathúla i 2018 sa chuntas bainc tiomnaithe a úsáideann grúpa/eagraíocht an iarratasóra.
- Ní mór do ghrúpaí iarratasóra iad féin a dhearbhu nach bhfuil an maoiniú acu chun tabhairt faoin obair/tionscadal gan chabhair ó dheontais nó mar mhalairt air sin go dtógfadh siad féin anois tionscadal níos mó nach mbeadh ar acmhainn dóibh gan é.
- Má tá an t-iarratas maoinithe ar ghné amháin de thionscadal, beidh ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar d'fhuilleach an mhaoinithe atá ar fáil don ghné ar leith sin den tionscadal.

## Amlíne

- Is é 30 Iúil 2018 an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach.
- Fógra ar chinneadh Choiste Forbartha Phobal Áitiúil Meán Fómhair 2018.
- Íocaíocht an mhaoinithe Meán Fómhair - Nollaig 2018.
- Ní mór aon mhaoiniú nach bhfuil caite ar an 30 Meán Fómhair 2019 a chur ar ais chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## Cad a dhéanfar a mhaoiniú

- Tionscadail nó gnéithe tionscadal **de nádúr caipitil**. Tá sé ceadaithe maoiniú a mheaitseáil ó fhoinsí eile ach ní riachtanas é chun iarratas a fhaomhadh.
- I gcásanna ina mbíonn oibreacha reatha agus caipitil ar siúl le chéile ní féidir ach an ghné chaipitil a mhaoiniú tríd an gClár um Fheabhsú Pobail Cathair Bhaile Átha Cliath 2018.
- Clúdóidh an Clár maoiniú caipitil do thionscadail nó obair nó saoráidí a chuirfidh le Sprioc 5 den Chlár Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail - Raon saoráidí, gníomhaíochtaí agus áiseanna inacmhainne, sábháilte agus poiblí atá ábhartha agus inrochtana do dhaoine de gach aois agus cineálacha cumais agus a chuireann le sláinte agus leas an uile dhuine a chur ar fáil agus a chosaint.

## Cad nach mbeidh maoinithe

Níl an caiteachas seo a leanas cáilithe le haghaidh maoinithe:

- Aon chaiteachas ó lá go lá (sé sin costais reatha agus oibriúcháin)
- Costais fostaíochta
- Gnáthaimh chothabhála, miondeisithe nó costais leanúnacha
- Costais árachais nó dlíthiúla
- Táillí bainistíocht tionscadail
- Ceannach tailte nó foirgneamh
- Staidéir féidearthachta nó taighde
- Oibriúcháin tráchtála nó phríobháideacha
- Cabhair chun iasachta nó easnaimh a chlúdach
- Imeachtaí nó Féilte
- Tionscadail atá lasmuigh de cheantar riaracháin Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath

## Critéir um Roghnú

Pléifear le hiarratais go léir a fhaigheann Coiste Áitiúil Forbartha Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath faoin gClár seo go cothrom agus go neamhchlaonta agus déanfar measúnú orthu I gcoinne critéir áirithe:

- Poitéinsiúil cur lena bhfuil bainte amach ag Sprioc 5 de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Cothromaíocht gheografach agus an inmhianaitheacht éagsúlacht tionscadal a mhaoiniú.
- Tosaíocht a thabhairt do thionscadail nó saoráidí suite i gceantair faoi mhíbhuntáiste nó ag obair chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.
- Iad a thaispeáin go raibh gá leis an tionscadal agus líon na ndaoine a bhainfidh leas as.
- Iad a thaispeáin comhoibriú le heagraíochtaí eile.

Féadfaidh Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil comhairle a iarraidh agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile agus faisnéis a nochtadh maidir le tionscadail i dtrácht do na saineolaithe agus gníomhaireachtaí sin agus iad ag measúnú moltaí atá faighte acu.

Feidhmíonn na coinníollacha seo a leanas do ghrúpaí nó eagraíochtaí go léir:

- **Ceanglais Chánach**
  - Ní gá go mbeadh an grúpa iarratasóra/eagraíocht cláraithe chun críocha cánach.
  - Ní mór do ghrúpa iarratasóra/eagraíocht atá cláraithe a bheith cáin-chomhlíontach. Ar aon dul le nósanna imeachta imréitigh cánach leasaithe a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2016, ní mór an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach agus Uimhir Thagartha Cánach a chur isteach chun críocha dearbhaithe.
  - Ní íocfar CBL ach amháin nuair atá sé curtha san áireamh le méid an iarratais. Ní ghlacfar le hiarratais bhreise ar íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí CBL.
- **Toilithe Reachtúla**
  - Ní mór d'iarratasóirí go léir a chinntiú go bhfuil ceadanna nó toilithe reachtúla go léir faighte sula dtosófar ar aon oibreacha. Áirítear leis seo ceadanna planála ach níl siad teoranta dóibh.
- **Cosaint Leanaí**
  - I gcás inar cuí, ní mór d'iarratasóirí rathúla polasaí um chosaint leanaí a bheith ann, lena n-áirítear nós imeachta grinnfhriósúcháin, i gcomhréir le polasaí náisiúnta um chosaint leanaí.
- **Árachas**
  - Féadfaidh an Coiste Áitiúil Forbartha Pobail fianaise scríofa ar pholasaí árachais bhailí a iarraidh, nuair is ábhartha le linn an phróisis athbhreithnithe iarratas.
- **Saoráil Faisnéise**
  - Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, féadfar sonraí atá sna hiarratais agus sna doiciméid tacaíochta, ar iarratas, a scaoileadh chuig tríú páirtithe. Má tá faisnéis i d'iarratas atá íogair nó rúnda, sonraigh í, le do thoil, agus tabhair míniú maidir le cén fáth nár chóir í a nochtadh. Má thagann iarratas isteach chun faisnéis íogair a scaoileadh faoin reachtaíocht, rachfar i gcomhairle leat sula ndéanfar cinneadh cibé acu an scaoilfear nó nach scaoilfear an fhaisnéis. Mura luaitear go bhfuil faisnéis ar leith íogair, d'fhéadfaí í a scaoileadh gan dul i gcomhairle leat.
- **Úsáid faisnéise**
  - Bainfear úsáid as an bhfaisnéis ar an bhfoirm chun measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas deontais agus é a riaradh agus chun iniúchtaí agus aon chuairteanna suímh a éascú. Féadfaidh Coiste Áitiúil Forbartha Pobail comhairle a iarraidh agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile agus faisnéis a nochtadh maidir le tionscadail i dtrácht do na saineolaithe agus gníomhaireachtaí sin agus iad ag measúnú na n-iarratas atá faighte acu. Coimeádann an Roinn, Coiste Áitiúil Forbartha Átha Cliath an ceart acu féin liosta na ndeontas go léir a bhronntar lena n-áirítear ainm an ghrúpa nó na heagraíochta a fhaigheann an maoiniú agus suíomh ginearálta an ghrúpa a fhoilsiú.
- **Maoiniú a admháil**
  - De bharr luach cuid de na deontais sin ní bheadh sé cost-éifeachtúil comharthaíocht ag aithniú na Roinne, an Údaráis Áitiúil nó an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail a éileamh. Is leor aitheantais chuí eile mar shampla ar shuíomh gréasáin ghrúpa/eagraíochta nó ar ardáin meán cumarsáide. I gcás go bhfuil comharthaíocht forbartha ba chóir go n-aithneodh sí cionn tairbhe na Roinne.

## Próiseas Íocaíochta

- Ag leanúint ar chinneadh an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail gheobhaidh gach tionscadal faofa faoi réir foirmiúlachtaí dlíthiúla a chríochnú tairiscint deontais i bprionsabal. Beidh sé seo faoi réir chomhlíonadh na dtéarmaí agus na coinníollacha ábhartha agus beidh sé faoi réir ghlacadh sásúil an iarratasóra leis an tairiscint seo.
- Níl aon riachtanas don ghrúpa nó eagraíocht íocaíocht a iarraidh, deimhneoidh an Coiste Áitiúil Forbartha Pobail go bhfuil mionsonraí go léir ar an bhfoirm iarratais gan athrú agus déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath íocaíocht go díreach.
- Coimeádann an tAire an ceart chuige féin na cistí arna dtairiscint a athshannadh do thionscadal faofa eile mura gcomhlíonfar riachtanais go léir laistigh de thréimhse faoi leith.

## Freagracht agus Rialachas Corparáideach

- Beidh sé riachtanach ar iarratasóirí rathúla comhlíonadh leis na caighdeáin is airde trédhearcachta agus cuntasáíochta mar atá doiciméadaithe i gCiorclán 13/2014 na Roinne um Chaiteachas agus Athchóiriú Poiblí - Bainistíocht agus Cuntasáíocht Deontas ó Chistí an Stáit <http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf>
- Beifear ag súil go gcuirfidh grúpaí agus eagraíochtaí fianaise maidir le caiteachas, ar fáil i bhfoirm sonrasc agus fianaise fótagrafach agus tuarascáil ghairid ar an gcaoi a chuir an tionscadal le Sprioc 5 den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Coimeádann an Roinn, Coiste Áitiúil Forbartha Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart acu féin cuairteanna cigireachta nó iniúchadh ar chaiteachas a dhéanamh.
- Tá an Roinn ag spreagadh comhlachtaí maoinithe glacadh le Cód an Dea-Rialachais maidir le hEagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanachta. Tá níos mó faisnéise ar an gCód ar fáil ar [www.governancecode.ie](http://www.governancecode.ie)

## Conas iarratas a dhéanamh

Ní mór do ghrúpaí iarratasóra nó eagraíochtaí foirm iarratais oifigiúil chomhlánaithe agus sínithe a chur isteach roimh **5i.n. ar an Luan 30 Iúil 2018**.

Ní ghlacfar le hiarratais atá neamhiomlán, neamhshínithe nó déanach. Ní mór an leathanach dearbhaithe a shíniú; glacfar le cóip scanta den síniú. Ní ghlacfar le hainmneacha clóscríofa de shíniú. Ní mór aon doiciméadú a thacaíonn le d'iarratas **a chur isteach leis an iarratas**.

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chomhlíonann leis na critéir imlínithe thuas chun maoiniú deontais a dhaingniú.

Ba chóir foirmeacha iarratais **shínithe** a chur chuig:

[lcdc@dublincity.ie](mailto:lcdc@dublincity.ie)

NÓ

Coiste Chathair Bhaile Átha Cliath um Fhorbairt Áitiúil Pobail  
Tithíocht agus seirbhísí pobail  
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath  
Oifigí na Cathrach  
Bloc 1, Urlár 3, an Ché Adhmaid  
Baile Átha Cliath 8

Is féidir Foirm Iarratais don Chlár um Fheabhsú Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2018 nó eolas breise a fháil ar:

Suíomh Gréasáin: [www.dublincity.ie/lcdc](http://www.dublincity.ie/lcdc)

Ríomhphost: [lcdc@dublincity.ie](mailto:lcdc@dublincity.ie)

Fón: Helen O'Leary 01 222 6704